2026/1838

27.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1838 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Iúil 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 [1], agus go háirithe Airteagal 46(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Márta 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 267/2012.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle [2], ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis an triúr a ainmnítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaint den Iarscríbhinn sin. Ba cheart na bearta sriantacha i gcoinne gach duine agus gach eintitis eile a ainmnítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a choinneáil ar bun, agus ba cheart iontráil amháin a bhaineann le heintiteas atá inti a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

[1] IO L 88, 24.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/267/oj.

[2] Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/413/oj).

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 267/2012 mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléacha nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', fo-cheannteideal 'B. Eintitis', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 92:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'92.	Research Centre for Explosion and Impact (ar a dtugtar freisin METFAZ)	44, 180th Street West, Tehran, 16539-75751	Is fochuideachta é Research Centre for Explosion and Impact den Eagraíocht um Nuálaíocht agus Taighde Cosanta (SPND) atá liostaithe ag an Aontas, ar cuid í den Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL). Díríonn gníomhaíochtaí METFAZ ar theicneolaíocht an mhadhmtha, rud a thacaíonn le soic phléascáin núicléacha a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá METFAZ ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de agus tá tacaíocht á tabhairt aige do na gníomhaíochtaí sin.	1.12.2011';

(2) faoin gceannteideal ‘II. Iranian Revolutionary Guard Corps (IRGC)’, faoin bhfo-cheannteideal ‘A. Daoine’, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

9. Mohammad PAKPUR;

11. Hossein SALAMI;

19. Briogáidireghinearál IRGC Amir Ali Haji ZADEH.